Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15320/17**

**RECH 404**
**COMPET 851**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14469/17 |
| Ábhar: | Ón Meastóireacht Eatramhach ar Fhís 2020 i dtreo an naoú Clár Réime<br>- Conclúidí ón gComhairle (a glacadh an 1/12/ 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le "Ón Meastóireacht Eatramhach ar Fhís 2020 i dtreo an naoú Clár Réime", a ghlac an Chomhairle ag an 3580ú cruinniú a bhí aici ar an 1ú Nollaig 2017.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

### Ón Meastóireacht Eatramhach ar Fhís 2020 i dtreo an naoú Clár Réime

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

AG MEABHRÚ DI:

– go bhfuil sé ar cheann de na cuspóirí atá ag an Aontas a chuid fothaí eolaíocha agus teicneolaíocha a neartú trí Limistéar Eorpach Taighde a ghnóthú ina mbeidh taighdeoirí, eolas eolaíoch agus teicneolaíocht ag gluaiseacht faoi shaoirse, agus an tAontas a spreagadh chun bheith níos iomaíche, lena n-áirítear earnáil tionsclaíochta an Aontais, agus gur cheart, le clár an Aontais Eorpaigh um thaighde, um fhorbairt agus um nuálaíocht, rannchuidiú chun an cuspóir sin a bhaint amach;

– na Conclúidí uaithi an 8 Nollaig 2011 maidir le comhpháirtíocht i dtaighde agus i nuálaíocht[1] inar leag an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé raon leathan de chláir agus d'ionstraimí atá trédhearcach agus inrochtana a chruthú do na comhpháirtithe uile agus inar thug sí dá haire an gá atá le cuíchóiriú chun dúbailt agus forluí nach bhfuil gá leo a sheachaint;

– na Conclúidí uaithi an 29 Bealtaine 2015 maidir le Treochlár an Limistéir Eorpaigh Taighde 2015-2020[2] inar iarr sí ar CLETN, i ndlúthchomhar agus, i gcás inarb ábhartha, le hionchur iomchuí ó chomhlachtaí ábhartha, a chomhleanúnaí atá tionscnaimh chomhpháirteacha a mheas, go háirithe na tionscnaimh sin atá á maoiniú ag an Aontas Eorpach, agus béim á leagan ar a mbreisluach Aontais, ar a indéanta atá siad, ar a mais chriticiúil, ar a gcomhlántacht agus ar an tionchar atá acu;

---

[1] SN 18349/11
[2] SN 9351/15

– na Conclúidí uaithi an 27 Bealtaine 2016 maidir leis an Seachtú Clár Réime agus an tIonchas don Todhchaí: Infheistíochtaí taighde agus nuálaíochta ar mhaithe le fás, poist agus réitigh a fháil ar dhúshláin shochaíocha[3] inar shonraigh an Chomhairle gur gá an chothromaíocht, an comhleanúnachas agus an chomhlántacht idir chomhpháirtíochtaí agus tionscadail chomhoibríocha a áirithiú, agus inar iarr sí ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh faoinar cheart oscailteacht leordhóthanach na líonraí taighde agus nuálaíochta atá á maoiniú ag an Aontas a chur chun cinn agus faoin mbealach inar cheart sin a dhéanamh, agus urraim á tabhairt do neamhspleáchas an taighde;

– na Conclúidí uaithi an 27 Meitheamh 2016[4] maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 4/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa inar iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) tuarascáil a chur chuig an gComhairle maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh faoi lár na bliana 2017;

– na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 Deireadh Fómhair 2017[5] ina leagtar béim ar an gcaoi a rannchuidítear, tríd an taighde agus tríd an bhforbairt, le fiontraíocht an digitithe agus leis an nuálaíocht cheannródaíoch;

– na Conclúidí uaithi ón 15 Samhain 2017[6] maidir le Gnéithe Straitéiseacha den Bheartas Comhtháthaithe ó 2020 ar aghaidh, ina leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sineirgí agus comhlántacht idir cláir chistiúcháin an Aontais;

– an tuairim ó CLETN[7] ón 7 Iúil 2017 maidir leis an Meastóireacht Eatramhach ar Fhís 2020 agus na hullmhúcháin don chéad chlár réime eile ina n-aithníonn CLETN go ngintear, le cláir réime, breisluach suntasach don Aontas, go sonrach tríd an gcomhoibriú sna héiceachórais **taighde agus nuálaíochta** (T&N) ar fud na hEorpa a chomhtháthú agus a spreagadh, ach ina gcuireann CLETN i bhfáth, freisin, an gá atá le hoscailteacht agus le simpliú níos gníomhaí, agus, chomh maith leis sin, ina n-éilíonn CLETN gur cheart, leis na cláir réime, **rannchuidiú** le beartais earnála eile de chuid an Aontais agus gur cheart idirphlé níos fearr agus idirphlé leanúnach le saoránaigh na hEorpa **a chur chun cinn**;

---

[3] SN 9527/16
[4] SN 10628/16
[5] EUCO 14/17
[6] SN 14263/17
[7] CLETN 1207/17

– an rún ó Parlaimint na hEorpa (PE) den 13 Meitheamh 2017 maidir leis an measúnú ar chur chun feidhme Fhís 2020, i bhfianaise na meastóireachta eatramhaí a dhéanfar ar an gclár sin, agus an togra maidir le clár réime 9[8] ina n-iarrann Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí an buiséad iomlán a mhéadú go dtí EUR 120 billiún don naoú clár réime.

1. DE BHRÍ gur cheart go leanfaí, leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) athbhreithnithe, **den fhás a spreagadh agus de phoist a chruthú** trí chláir fhíoréifeachtacha a bhfuil breisluach ard Aontais ag gabháil leo amhail Fís 2020 (H2020)[9].

2. AG TABHAIRT DÁ hAIRE DI cé go bhfuil méadú beag tagtha ar an ollchaiteachas intíre ar thaighde agus ar an bhforbairt le blianta beaga anuas, b'ionann agus 2.03% é in 2015 agus **go bhfuil an tAontas fós i bhfad ón bpríomhsprioc atá aige 3%** den OTI a infheistiú in aghaidh na bliana sa taighde agus san fhorbairt[10].

3. AG TABHAIRT DÁ hAIRE DI **Gairm Thaillinn chun Gnímh 2017** "Tapaigh an deis anois: tá an taighde agus an nuálaíocht tábhachtach do thodhchaí na hEorpa"[11] lena leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé infheistíochtaí sa taighde agus sa nuálaíocht a áirithiú, méadú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ar infheistíochtaí sa taighde agus sa nuálaíocht agus muinín a fhorbairt idir an taighde agus an tsochaí agus laistigh den chóras taighde agus nuálaíochta.

**I. An tionchar a bhíonn ag taighde agus nuálaíocht na hEorpa a mhéadú**

4. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go bhfuil **an taighde agus an nuálaíocht bunriachtanach** chun a áirithiú go mbeidh fás eacnamaíoch inbhuanaithe ann go fadtéarmach, iomaíochas tionsclaíoch, cuimsiú sóisialta agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra shochaíocha, m.sh. mar a shainmhínítear iad i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe chomh maith leis na spriocanna a leagtar amach i Straitéis Eoraip 2020 agus i nDearbhú na Róimhe[12].

---

8 P8_TA-PROV(2017)0253
9 An Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, 7 Márta 2017 (7024/17).
10 EUCO 13/10
11 https://www.hm.ee/sites/default/files/tallinn_call_for_action_2017.pdf
12 Dearbhú ar an 25 Márta 2017 ó cheannairí na 27 mBallstát agus na Comhairle Eorpaí, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin Eorpaigh.

5. AITHNÍONN SÍ **gur gá córais dhea-fheidhmitheacha, leormhaoinithe náisiúnta T&N chun na tosaíochtaí uaillmhianacha sin a chomhlíonadh** agus, dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an earnáil phríobháideach, a seacht ndícheall a dhéanamh chun a gcuid infheistíochta a mhéadú sa T&N le go mbainfear amach an sprioc 3 % ar bhonn comhpháirteach agus bearta breise a dhéanamh chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar thionchar na n-infheistíochtaí sin, lena n-áirítear athchóirithe náisiúnta, i gcás inarb ábhartha. Agus aird á tabhairt ar mholadh an Ghrúpa Ardleibhéil um uasmhéadú tionchar Thaighde agus Nuálaíocht an Aontais[13] (dá ngairtear an Grúpa Ardleibhéil as seo amach), LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé go dtabharfaí tús áite don T&N i mbeartais agus cláir uile an Aontais, lena n-áirítear cistí suntasacha a chur ar fáil don chéad Chlár Réime T&F&N den Aontas, gan dochar don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile.

6. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá ról T&N ó thaobh luachanna coiteanna na hEorpa[14] a chur ar aghaidh, luachanna is bunsraith don chomhar, do shaorghluaiseacht daoine agus smaointe, agus don chomhionannas inscne. Dá bhrí sin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé leanúint de na hiarrachtaí comhpháirteacha atá á ndéanamh ag na Ballstáit agus an Coimisiún agus an **Limistéar Eorpach Taighde** (LET) a neartú agus a fhorbairt tuilleadh. Cuireann SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gurb é an Clár Réime an phríomhionstraim ar leibhéal an Aontais chun comhar T&N iomaíoch, trasnáisiúnta agus idirdhisciplíneach a chothú agus, ar an gcaoi sin, chun tacú le cuspóirí an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) a bhaint amach agus chun tacú lena chur chun feidhme.

7. Agus É Á AITHINT AICI gur suntasach iad éifeachtaí chistiú phoiblí T&N, LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí gach gné **de thionchar fadtéarmach T&N** a mheasúnú i ndáil le spriocanna beartais eile agus saincheisteanna leithne sochaíocha, agus sainmhíniú an fhocail "tionchar" á leathnú amach chun éagsúlacht an mhéid a chuireann T&N leis an eolas agus leis an tsochaí a chur san áireamh. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuairisc a thabhairt ar an gclár oibre chun modhanna coiteanna meastóireachta a fhorbairt, lena n-áirítear samhlacha maicreacnamaíocha agus uirlisí samhaltaithe, mar a moladh sna conclúidí ón gComhairle an 27 Bealtaine 2016.

---

**13** "LAB – FAB – APP Investing in the European future we want" [LAB - BAF - FBC Infheistíocht a dhéanamh sa todhchaí Eorpach atá uainn] https://ec.europa.eu/research/evaluations/pdf/archive/other_reports_studies_and_documents/hlg_2017_report.pdf#view=fit&pagemode=none

**14** mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

8. SPREAGANN SÍ go ndéanfaí T&N a nascadh tuilleadh le beartais earnálacha eile ar leibhéal an Aontais, agus ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí creatchúinsí agus timpeallacht rialála níos fabhraí a chruthú do T&N. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé cur chuige bunaithe ar an dúshlán a bheith ann do T&N san Aontas agus gur CÚIS IMNÍ DI **go bhfuil bac á chur ar chomhtháthú breise a dhéanamh le beartais eile agus ar chomhleanúnachas le cláir eile cistiúcháin de chuid an Aontais** de bharr loighicí difriúla idirghabhála neamhchomhlántacha agus de bharr chastacht na rialachán éagsúla cistiúcháin agus eile, mar shampla na rialacha i ndáil le státchabhair. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais maidir le státchabhair do T&F&N chun iomaíochas domhanda an Aontais a chur san áireamh agus saobhadh ar iomaíochas i margadh an Aontais a sheachaint san am céanna.

## II. Na príomhphrionsabail agus an naoú Clár Réime á ullmhú

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI doiciméid oibre an Choimisiúin[15] i ndáil leis an meastóireacht eatramhach ar Fhís 2020 agus an tuarascáil ón nGrúpa Ardleibhéil, ar bonn maith iad don phlé i ndáil leis an chéad Chlár Réime eile agus LÉIRÍONN SÍ gur **sampla an-rathúil é an comhoibriú i ndáil le T&N ar leibhéal an Aontais den chomhar agus den chomhtháthú Eorpach**[16].

10. CUIREANN SÍ i bhFÁTH gurb iad **an comhar, an barr feabhais, an tionchar agus an oscailteacht** bunphrionsabail an naoú Clár Réime chun a chuid cuspóirí straitéiseacha foriomlána a bhaint amach agus gurb é an barr feabhais a phríomhchritéar meastóireachta. AITHNÍONN SÍ gur clár an-tarraingteach é Fís 2020, a mbíonn aschur ardcháilíochta eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálach mar thoradh ar a chuid tionscadal agus breisluach suntasach, dosheachanta Aontais ag gabháil leis agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé go mbeadh **an breisluach Aontais sin** ina phríomhthiomántóir do cheapadh agus cur chun feidhme an chéad Chlár Réime eile.

---

15 9791/17 +ADD 1-3, 12983/17, 12987/17, 12988/17, 12990/17, 13448/17 agus 13449/17.

16 6952/17 + ADD 1-2: "*White paper on the future of Europe, Reflections and scenarios for the EU27 by 2025*" [Páipéar Bán maidir le Todhchaí na hEorpa, a bhfuil i ndán do 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh faoi 2025 - Machnamh agus cásanna féideartha].

11. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an t-idirphlé idir an Coimisiún agus na Ballstáit in ullmhúchán an naoú Clár Réime, agus a thábhachtaí atá an dlúthchomhar ina rialachas agus ina chur chun feidhme, *inter alia,* chun a áirithiú go ndéanfar comhordú ar na beartais náisiúnta agus ar bheartas an Aontais le go mbeidh siad comhleanúnach lena chéile. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, **próiseas straitéiseach clársceidealaithe a bhunú go comhpháirteach agus go han-luath, mar chuid de chur chun feidhme an naoú Clár Réime,** trína chuid tosaíochtaí a fhorbairt, lena n-áirítear le haghaidh misin a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí, agus tríd na hionstraimí is fearr is féidir a chinneadh chun na spriocanna sainaitheanta a bhaint amach.

12. IARRANN SÍ go mbeifí níos uaillmhianaí fós i dtaca leis an nuálaíocht agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé tacú le slabhra iomlán luacha na nuálaíochta, lena n-áirítear teicneolaíochtaí suaiteacha, ardriosca. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé go mbeadh **tacar comhdhlúite d'ionstraimí agus de thionscnaimh Eorpacha maoiniúcháin ann don nuálaíocht.** LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá rannchuidiú na n-eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin leis an iomaíochas tionsclaíoch agus le ceannaireacht an Aontais agus, dá bharr sin, IARRANN SÍ go dtabharfaí tacaíocht leanúnach dóibh sa naoú Clár Réime.

13. AITHNÍONN SÍ gur cuireadh le héifeacht T&N trína chomhtháthú in aon chlár amháin a bhfuil struchtúr trí cholún aige, ach gur cheart nascacht níos éifeachtaí a bhaint amach idir na colúin, agus a gcuspóirí á gcur san áireamh, agus na haschuir a aistriú ar bhealach níos fearr chuig próisis, táirgí agus seirbhísí nuálacha leis an naoú Clár Réime.

**T&N ag fónamh don gheilleagar agus don tsochaí**

14. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an moladh ón nGrúpa Ardleibhéil i ndáil le cur chuige a bheadh **misindírithe agus tioncharfhócasaithe** agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint i gcomhar leis na Ballstáit an bhféadfaí cur chuige straitéiseach, idirdhisciplíneach agus tioncharfhócasaithe a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna gcomhaontú le chéile a mbeadh gné Eorpach ag roinnt leo, agus an bhféadfaí tacú leis an iomaíochas tionsclaíoch, lena n-áirítear FBManna, agus leas iomlán á bhaint as na heolaíochtaí sóisialta agus na daonnachtaí, agus as teicneolaíochtaí digiteacha agus eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin, a dhéanfaí a chur chun feidhme le tacar d'ionstraimí comhlántacha, lena n-áirítear ionstraimí comhpháirtíochta.

15. AITHNÍONN SÍ an gá le níos mó for-rochtana ar an bpobal i gcoitinne agus go ndéanfaí tuairimí agus riachtanais na ngeallsealbhóirí, na n-úsáideoirí agus na saoránach a léiriú níos fearr sna cláir oibre T&N. MOLANN SÍ don Choimisiún treoirthionscadal a sheoladh le go mbeidh na saoránaigh in ann a bheith páirteach i bpróiseas socraithe an chláir oibre. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé torthaí T&N a scaipeadh agus a shaothrú ar bhealach éifeachtach ar leibhéal na dtionscadal agus na gclár, agus SPREAGANN SÍ an Coimisiún agus na Ballstáit plean gníomhaíochta a fhorbairt le chéile chun **feabhas a chur ar an gcumarsáid agus an idirghníomhaíocht leis an tsochaí agus na geallsealbhóirí**, agus tacú le scaipeadh agus saothrú na dtorthaí san Eoraip, agus cearta maoine intleachtúla á n-urramú an am céanna.

16. AITHNÍONN SÍ go bhfuil iomaíochas na hEorpa ag brath ar dhaoine oilte a bhfuil scileanna acu a bheith ar fáil, lena n-áirítear taighdeoirí agus nuálaithe, chun dul i ngleic leis na dúshláin a bheidh ann amach anseo, agus ag brath freisin ar oiliúint chuimsitheach leanúnach a bheith á cur orthu agus ag brath ar **smaointí agus eolas nua a bheith á gcur i gcúrsaíocht** idir an taighde, an tionsclaíocht agus an t-oideachas; MOLANN SÍ go mbunófaí naisc agus comhleanúnachas níos láidre idir an Limistéar Eorpach Taighde (LET) agus Limistéar Eorpach an Ardoideachais trí fhéachaint cén chaoi a bhféadfadh na cláir a thiocfaidh i ndiaidh Erasmus + agus Fís 2020 cuspóirí agus tosaíochtaí coiteanna a nascadh ar bhealach níos fearr laistigh dá mbuiséid agus dá bprionsabail meastóireachta faoi seach, agus prionsabal na coimhdeachta á urramú ag an am céanna; LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé tacú le dálaí tarraingteacha oibre, lena n-áirítear le haghaidh taighdeoirí go luath ina ngairmréim, agus leis an athrú cultúrtha, lena n-áirítear prionsabal an chomhionannais inscne a phríomhshruthú agus cineálacha eile éagsúlachta a chur chun cinn, in institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí taighde ar fud na hEorpa chun barr feabhais a bhaint amach san eolaíocht agus chun lucht ardoilte a choinneáil.

17. AITHNÍONN SÍ gur sochaithe eolasbhunaithe iad sochaithe an lae inniu, agus gur treocht í atá ag méadú, agus gur den riachtanas é go mbeadh **saorghluaiseacht sonraí taighde**[17] **agus eolais ann** chun lánfheidhmiúlacht LET a bhaint amach. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go bhfuil ról fíorthábhachtach ag an Eolaíocht Oscailte, e.g. rochtain oscailte a bheith ann ar fhoilseacháin taighde agus, i gcás inarb iomchuí, ar shonraí taighde, ó thaobh borradh a chur faoi thionchar agus faoi thrédhearcacht T&N, agus ó thaobh an eolaíocht agus an tsochaí a thabhairt níos giorra dá chéile. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh dlúthchomhar ann idir na Ballstáit agus an Coimisiún i dtaca leis an Eolaíocht Oscailte, lena n-áirítear cur chun feidhme na bprionsabal FAIR[18] agus aird á tabhairt ar an bprionsabal go mbeifí 'chomh hoscailte agus is féidir, a iata is gá".

**Cuíchóiriú thírdhreach chistiúcháin T&N**

18. AITHNÍONN SÍ gur gné thábhachtach iad na comhpháirtíochtaí T&N de bheartas T&N an Aontais, ach MAÍONN SÍ go bhfuil tírdhreach cistiúcháin T&N na hEorpa tar éis éirí róchasta, mar gheall cuid mhaith ar an méadú atá ag teacht ar líon na gcomhpháirtíochtaí agus na dtionscnamh T&N[19] sa Chlár Réime, rud a léiríonn an cur chuige ionstraimbhunaithe. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit féachaint i gcomhar lena chéile **an bhféadfaí cuíchóiriú a dhéanamh ar thírdhreach chomhpháirtíochtaí T&N an Aontais**, e.g. trí ionstraimí comhchosúla[20] a chumasc, agus loighic shoiléir idirghabhála á leagan amach do gach ionstraim ar leith, croíthacar de phríomhtháscairí inchomparáide feidhmíochta á sainiú, naisc níos dlúithe á n-áirithiú idir tionscnaimh chomhpháirtíochta agus beartais an Aontais agus na beartais náisiúnta, agus gan cómhaoiniú suntasach a sholáthar faoin gClár Réime ach amháin do réimsí atá i gcomhréir le tosaíochtaí comhaontaithe an Chláir Réime, agus go bhfaighfí réidh le bacainní ar theacht isteach do ghníomhaithe nua agus do mhionghníomhaithe T&N. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar chion iomchuí agus uasteorannú, b'fhéidir, do na hionstraimí comhpháirtíochta i mbuiséad an Chláir Réime, le linn na caibidlíochta don naoú Clár Réime.

---

17 agus cearta maoine intleachtúla, rúndacht, ceisteanna slándála, iomaíochas na hEorpa agus leasanna dlisteanacha eile á n-urramú ag an am céanna.

18 Inaimsithe, Inrochtana, In-idiroibrithe agus In-athchúrsáilte.

19 Áirítear leis sin tionscnaimh chomhpháirtíochta bunaithe ar chineálacha éagsúla ionstraimí comhpháirtíochta, amhail Tionscnaimh Chlársceidealaithe Chomhpháirtigh, Tionscnaimh faoi Airteagal 185 agus 187 de CFAE, CPPanna conarthacha, EIT/PEN, LET-, cláir chomhpháirteacha Eorpacha agus 'FET Suaitheanta', agus a mbunúis dhifriúla dlí á gcur san áireamh.

20 Amhail ionstraimí cómhaoinithe: ERANETanna, EJP Cofund.

19. CUIREANN SÍ I dTREIS **gur cheart comhpháirtíochtaí taighde agus nuálaíochta sa chlár réime a chur chun feidhme bunaithe ar phrionsabail** bhreisluacha an Aontais, ar an trédhearcacht, oscailteacht, tionchar, éifeacht ghiarála, ceangaltas airgeadais fadtéarmach na bpáirtithe rannpháirteacha ar fad, solúbthacht, comhleanúnachas agus comhlántacht le tionscnaimh an Aontais agus tionscnaimh náisiúnta agus réigiúnacha. Ba cheart do na tionscnaimh chomhpháirtíochta ar fad straitéis scoir a bheith acu ó mhaoiniú an chláir réime. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit **próiseas fadtéarmach a bhunú don chomhordú straitéiseach** i dtaca le comhpháirtíochtaí taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear struchtúr rialachais, a bheidh nasctha leis an bpróiseas um chlárú straitéiseach mar a leagtar amach é i mír 11, le háirithiú go gcomhlíonfar na prionsabail sin agus tionscadail uile comhpháirtíochta an Aontais don taighde agus nuálaíocht á roghnú agus á gcur chun feidhme agus nuair a bheidh faireachán a dhéanamh orthu nó deireadh a chur leo. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór an próiseas um chomhordú straitéiseach a chur san áireamh agus an naoú clár réime agus rialachas ERA amach anseo á bhforbairt. IARRANN SÍ ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar na beartais ábhartha náisiúnta a chomhordú agus go dtreorófar acmhainní i dtreo tosaíochtaí comhaontaithe na gcomhpháirtíochtaí.

20. Sa chomhthéacs sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI gur cuireadh Meitheal ad hoc de chuid Choiste an Limistéir Eorpaigh Taighde agus Nuálaíochta (CLETN) maidir le comhpháirtíochtaí taighde agus nuálaíochta ar an bhfód chun na próiseas um chomhordú straitéiseach a ullmhú trí e.g. critéir a mholadh chun comhpháirtíochtaí T&N a roghnú agus a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh orthu agus deireadh a chur leo bunaithe ar na prionsabail threoracha, roghanna maidir le réimse comhpháirtíochta T&N agus bunú agus cur chun feidhme an phróisis sin a chuíchóiriú. IARRANN SÍ ar CLETN tuarascáil a thabhairt don Chomhairle tráth nach déanaí ná Bealtaine 2018.

21. AITHNÍONN SÍ an luach a bhaineann leis an **Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht** (EIT) gona **Pobail Eolais agus Nuálaíochta** (KICanna) agus an ról a bhíonn ag an institiúid mar thaca leis an triantán eolais, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI freagairt an Choimisiúin agus EIT ar na conclúidí ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2016. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá leis **na nósanna imeachta a bhaineann le** KICanna na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht **a éascú a thuilleadh** le nach n-éileoidh siad an oiread céanna acmhainní agus le sineirgí agus comhar níos fearr a áirithiú idir KICanna agus gníomhaíochtaí eile an chláir réime. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá do na pobail eolais agus nuálaíochta (KICanna) oscailteacht, trédhearcacht agus cuimsitheacht a áirithiú agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ nach mór do na KICanna straitéisí fónta a fhorbairt don inbhuanaitheacht airgeadais.

22. TUGANN SÍ DÁ hAIRE seoladh treoirthionscadal na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (EIC), a bheidh úsáideach agus Comhairle Nuálaíochta Eorpach fhéideartha á ceapadh amach anseo. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart go mbeadh an EIC, ach í a bheith ann amach anseo, ina ghné thábhachtach eile de chuid bhearta an Aontais chun tacú le nuálaíochtaí 'níos gaire don mhargadh' agus gur cheart **luach breise a bheith ag gabháil leis agus go gcabhródh sé chun an t-éiceachóras nuálaíochta a neartú**, lena n-áirítear naisc idir ollscoileanna, eagraíochtaí teicneolaíochta agus taighde, cuideachtaí ar gach méid, go háirithe FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, agus nuálaithe, go gcuirfeadh EIC le glacadh torthaí an taighde agus na nuálaíochta, go dtacódh sé le nuálaíochtaí ceannródaíocha agus le fás na gcuideachtaí nuálacha agus go gcabhródh sé chun an réimse tacaíochta nuálaíochta a phríomhshruthú. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR gur cheart na gníomhaíochtaí reatha náisiúnta agus gníomhaíochtaí reatha an Aontais chun an nuálaíocht a mhaoiniú a chur san áireamh agus Comhairle Nuálaíochta Eorpach fhéideartha á ceapadh amach anseo d'fhonn sineirgí a áirithiú agus dúbailt na hiarrachta a sheachaint.

23. LEAGANN SÍ BÉIM ar thábhacht **na sineirgí agus na comhlántachtaí feabhsaithe idir an clár réime agus ionstraimí maoinithe eile an Aontais.** MEASANN SÍ, mar sin, i dtaca le rialacháin don chéad chlár réime eile agus do Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, chomh maith le rialacha i ndáil le státchabhair agus le haon chlár eile de chuid an Aontais, nach mór cuimhneamh ar shineirgí, ar chomhleanúnachas agus ar chomhlántacht agus iad á gceapadh againn ón gcéad lá d'fhonn cothrom na Féinne a thabhairt do thionscadail chosúla faoi mhodhanna éagsúla bainistíochta agus cuimhneamh ar na rialacha maidir le maoiniú don taighde agus nuálaíocht a chomhchuibhiú leo siúd atá atá sa chlár réime.

**Oscailteacht agus inrochtaineacht**

24. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé **tionchar agus ábharthacht níos leithne a bhaint amach ar fud na hEorpa** trí leas a bhaint as iomlán na hacmhainneachta chun barr feabhais a bhaineann leis an taighde agus an nuálaíochta san Eoraip, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht dreamanna nua a mhéadú, e.g. i mbonneagair thaighde, i nglaonna ar mhaoiniú a bhaineann le riachtanais choitianta na sochaí nó a dhíríonn ar ghlacadh níos leithne sa mhargadh; LEAGANN SÍ BÉIM ar dhea-chleachtais na ngníomhaíochtaí COST sa chomhthéacs sin. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an próiseas meastóireachta a fhorbairt a thuilleadh trí, mar shampla, an éagsúlacht a chur chun cinn i bpainéil mheastóireachta, treoirthionscadail a chur ar bun sa mheastóireacht dhall, nuair is féidir, agus bearta a chur chun cinn chun cúrsaíocht smaointe a chur chun cinn agus oscailteacht na líonraí T&N a éascú.

25. IS ÁBHAR IMNÍ DI go bhfuil leibhéal rannpháirtíochta íseal ag roinnt Ballstát in Fís 2020 go fóill agus nach leor an dul chun cinn atá déanta i gcomparáid leis an 7ú clár réime. AITHNÍONN SÍ gur gá aghaidh a thabhairt go fóill ar an mbearna atá i leibhéal na rannpháirtíochta agus ar an deighilt nuálaíochta trí bhíthin bearta agus tionscnaimh éagsúla, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, lena n-áirítear ionstraimí an Bheartais Comhtháthaithe. AITHNÍONN SÍ gur gá leanúint ar aghaidh leis na bearta lena dtugtar aghaidh ar an m**Barr Feabhais a Scaipeadh agus ar an Rannpháirtíocht a Leathnú** (SEWP) agus gur gá iad a neartú, lena n-áirítear trí fhaireachán a dhéanamh ar SEWP mar shaincheist leathan.

26. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé an **comhar idirnáisiúnta** a neartú sa chlár réime agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ tábhacht na cómhalartachta. TACAÍONN SÍ leis an gCoimisiún ina chuid iarrachtaí na tíortha comhpháirtíochta idirnáisiúnta a spreagadh chun ionstraim thiomnaithe agus chobhsaí (e.g. cistí comhfhreagracha) a chur ar bun lena gcumasófar rannpháirtíocht sna cláir réime. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i dteannta na dTíortha Comhlachaithe, féachaint ar shineirgí idir an clár réime agus straitéisí náisiúnta T&N, struchtúracha oibríochta, ionstraimí agus líonraí d'fhonn tacú le comhordú straitéiseach an chomhair idirnáisiúnta sa chlár réime. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún idirghníomhú go dlúth leis na Ballstáit maidir leis na módúlachtaí lenar féidir le tríú tíortha a bheith bainteach leis an gclár réime.

**Cur chun feidhme**

27. AITHNÍONN SÍ go bhfuil an ráta íseal rathúlachta ag baint de tharraingteacht an chláir. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, mar sin, féachaint le chéile ar na bealaí atá ann **chun ró-iarratas a laghdú** agus an chéad chlár réime eile á ullmhú acu, agus nuair a bhíonn bearta sonracha atá cheana féin in Fís 2020 á gcur chun feidhme e.g. tríd an tionchar a bhfuiltear ag súil leis ó na tionscadail a shonrú ar bhealach níos soiléire sna glaonna ar thograí, trí aiseolas cuimsitheach a thabhairt d'iarrthóirí agus trí phróiseas iarratais dhá-chéim a úsáid, más iomchuí, agus trí mhodhanna eile a thriail chun an próiseas meastóireachta a nuashonrú a thuilleadh agus chun feabhas a chur ar cháilíocht an phróisis sin.

28. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá comhghníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta lena gcumhdaítear réimse iomlán na Leibhéal Réidhe Teicneolaíochta (LRT). IARRANN SÍ go gcaomhnófaí an chothromaíocht atá anois ann idir comhthionscadail agus gníomhaíochtaí mona-thairbheacha. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur cheart cloí le deontais mar phríomhchineál an mhaoinithe sa chlár réime agus go bhféadfaí ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha a úsáid chun tacú le méadú agus fás na gcuideachtaí nuálacha agus na ngníomhaíochtaí 'gar don mhargadh'.

29. AITHNÍONN SÍ go bhfuil dul chun cinn nach beag déanta le Fís 2020 d'fhonn rudaí **a shimpliú agus a chomhchuibhiú** ar leibhéal an chláir agus ar leibhéal na dtionscadal araon. MOLANN SÍ don Choimisiún leanúint dá iarracht i dtaca le simpliú in Fís 2020 agus é a fheabhsú a thuilleadh agus an chéad chlár réime eile á cheapadh agus ina chuid módúlachtaí cur chun feidhme, lena n-áirítear so-láimhsitheacht don úsáideoir agus glacadh níos mó le gnáthchleachtais cuntasaíochta na dtairbhithe.

30. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá **creat cuimsitheach faireacháin agus meastóireachta** a bhunú ina mbeidh sraith de tháscairí a mbeidh feidhm acu ar fud an chláir réime, chun léargas cuimsitheach den chlár a chur ar fáil, lena n-áirítear rianú níos éifeachtaí agus níos trédhearcaí ar thionchar na dtorthaí T&N ar an eolaíocht, eacnamaíocht, ar an tsochaí agus ar bheartais, mar aon leis an leas a bhainfear astu san Aontas Eorpach le linn agus i ndiaidh an chláir. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart do na meastóireachtaí na ceanglais uile a leagtar amach i mbunús dlí na gclár réime a chomhlíonadh, e.g. measúnú tríd is tríd ar an méid úsáide a baineadh as an luach saothair breise a tugadh don fhoireann in Fís 2020. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gona Bhallstáit leanúint dá n-iarrachtaí córas a fhorbairt chun tionchar na gclár réime a thomhas ar an leibhéal náisiúnta ar bhealach inchomparáide trí úsáid a bhaint as príomhshraith choiteann táscairí.

31. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an gCoiste Cláir gona fhoirmíochtaí, CUIREANN SÍ I dTREIS A THÁBHACHTAÍ ATÁ SÉ an Coiste Cláir a thabhairt isteach, go hiomlán agus in am tráth, ar gach céim de cheapadh, d'ullmhú agus de chur chun feidhme an chláir oibre agus TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún an méid sin a chur san áireamh agus an naoú clár réime á cheapadh aige i gcomhréir le Rialachán 182/2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta lena rialaíonn na Ballstáit feidhmiú a chuid cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún.